Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2022
(OR. en)

10401/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0127(NLE)**

**SCH-EVAL 87**
**MIGR 195**
**COMIX 328**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Meitheamh 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9748/22 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar **Mhálta** maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an **fhillte** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar Mhálta maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an fhillte, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Meitheamh 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar Mhálta maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an fhillte**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an fhillte i ndáil le Málta ón 27 Meán Fómhair go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 1300 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil a chuimsigh na torthaí agus na measúnuithe inar sonraíodh an dea-chleachtas agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

[1] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(2) Measadh gur díol spéise ar leith é 'An tAonad um Fhilleadh' nuabhunaithe, arb é is aidhm dó cur le méadú ar an bhfilleadh agus aird ar leith á tabhairt do thacú leis an bhfilleadh deonach chun a áirithiú go ndéanfar imircigh neamhrialta a fhilleadh ar bhealach daonnúil, éifeachtach agus inbhuanaithe.

(3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá le glacadh ag Málta chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen a chomhlíonadh, go háirithe Treoir 2008/115/CE, ba cheart tosaíocht a thabhairt do mholtaí cur chun feidhme 1, 2, 6, 7, 8, 9 agus 12 thíos.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Laistigh de 3 mhí tar éis a ghlactha, ba cheart do Mhálta, de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, plean gníomhaíochta a bhunú ina liostófar na moltaí uile chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas, agus an plean gníomhaíochta sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle.

AG MOLADH:

gur cheart do Mhálta an méid seo a leanas a dhéanamh

**Nósanna imeachta um fhilleadh**

1. téacs na gcinntí um fhilleadh a leasú ionas go gcuimseofar iontu oibleagáid shoiléir maidir le filleadh, mar a fhoráiltear le hAirteagal 3(4) de Threoir 2008/115/CE;

2. a áirithiú i gcás cinntí um fhilleadh a bhaineann le mionaoisigh, go gcuimseofar iontu measúnú ar staid an mhionaoisigh lena mbaineann agus ar leas an linbh;

3. bearta a ghlacadh chun a áirithiú go mbeidh an deis ag fillithe tréimhse a fháil le haghaidh imeacht deonach, agus a áirithiú go gcaithfear leis sin mar an rogha thosaíochta le haghaidh fillte, i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE;

4. an líon foirne atá páirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le filleadh a mhéadú chun a áirithiú gur leor na hacmhainní a bheidh ann chun cinntí um fhilleadh a eisiúint agus a fhorfheidhmiú;

**Toirmisc ar iontráil**

5. measúnú cás ar chás a dhéanamh ar na himthosca ábhartha a bhaineann le cásanna aonair na náisiúnach tríú tír atá faoi réir nósanna imeachta um fhilleadh, chun a chinneadh fad sonrach agus iomchuí na dtoirmeasc ar iontráil, mar a cheanglaítear le hAirteagal 11(2) de Threoir 2008/115/CE;

6. a chinneadh *ex officio* roimh ré i ngach cás ar leith, fad seasta an toirmisc ar iontráil, mar a cheanglaítear le hAirteagal 3(6) de Threoir 2008/115/CE;

**Coimircí nós imeachta**

7. a áirithiú i gcás gach cinnidh um fhilleadh agus um choinneáil, go gcuimseofar iontu fáthanna de réir fíorais, mar a cheanglaítear le hAirteagail 12(1) agus 15(2) de Threoir 2008/115/CE;

8. bearta a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil deiseanna ar fáil maidir le hachomhairc i gcoinne cinntí a bhaineann le filleadh, agus go bhfuil siad inrochtana go praiticiúil ag náisiúnaigh tríú tír ar bhealach nach mbaineann an bonn de cheart an náisiúnaigh tríú tír chun leighis éifeachtaigh. A áirithiú freisin go bhfuil an sprioc-am le haghaidh an achomhairc sin leagtha amach go soiléir agus go bhfuil sé réasúnta ó thaobh na náisiúnach tríú tír a gceart chun leighis éifeachtaigh a fheidhmiú go héifeachtach i gcomhréir le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais;

**Coinneáil**

9. a áirithiú nach n-úsáidtear an choinneáil ach amháin mar rogha dheireanach trí níos mó bearta éifeachtacha nach bhfuil chomh comhéigneach céanna a chur ar fáil agus chun úsáid na mbeart sin a mhéadú;

10. bearta a ghlacadh chun a áirithiú go gcuimseoidh athbhreithniú breithiúnach ar choinneáil, measúnú ar chomhréireacht an bhirt, mar a fhorordaítear le hAirteagal 15(2) de Threoir 2008/115/CE, agus go mbeidh cinntí coinneála faoi réir maoirseacht bhreithiúnach i ngach cás de thréimhse coinneála fadaithe chun a fhíorú an ann go fóill do na coinníollacha le haghaidh coinneála, i gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Threoir 2008/115/CE;

11. a áirithiú go dtabharfar éisteacht don choinneálaí nuair atá fadú na coinneála á bhreithniú, go n-eiseofar cinneadh i scríbhinn agus na cúiseanna leis a shonrú de réir fíorais agus de réir an dlí, agus go dtabharfar fógra don choinneálaí faoi thoradh an athbhreithnithe;

12. a áirithiú go mbeidh na dálaí coinneála ábhartha agus an córas coinneála sna hionaid choinneála i gcomhréir i gcónaí leis na caighdeáin um chearta bunúsacha agus go léireoidh siad cineál an chailliúint saoirseachta atá i gceist trína áirithiú gurb ann do spás maireachtála leordhóthanach, troscán agus dálaí sláinteachais leormhaithe, príobháideachas leordhóthanach, an deis gearáin anaithnide a dhéanamh, teagmháil leordhóthanach leis an domhan lasmuigh agus trí fhoráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí áineasa agus deiseanna leordhóthanacha dul amuigh faoin aer;

13. bearta a ghlacadh chun an fhaisnéis riachtanach go léir a thabhairt do na coinneálaithe maidir leis na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu, cearta agus oibleagáidí is infheidhme maidir lena bhfanacht san ionad coinneála, agus a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil go córasach, lena n-áirítear trí chóip i scríbhinn a chur ar fáil agus/nó trína dhéanamh infheicthe i gcodanna coiteanna den ionad;

14. measúnú riosca ar leith a dhéanamh maidir leis an ngá le modhanna srianta a úsáid ar choinneálaithe, agus staonadh ó na modhanna sin a úsáid go córasach;

**Filleadh éigeantach**

15. bearta a ghlacadh chun éifeachtacht an chórais faireacháin ar fhilleadh éigeantach a mhéadú trí raon feidhme na gníomhaíochta faireacháin a leathnú ionas go gcumhdófar gach céim den oibríocht um fhilleadh i ngach cineál fillte éigeantaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

___